



## RABHADH D'INFHEISTEOIRÍ

### Trádáil i malairt eachtrach (airgeadraí eachtracha)

- Tugann ESMA (an tÚdarás Eorpach Urrús agus Margáí) rabhadh d'infheisteoirí maidir le déileáil le gnólachtaí neamhúdaraíthe a thairgeann infheistíochtaí malairte eachtraí, agus
- cuireann sé infheisteoirí miondíola ar an airdeall faoi na príomhríoscaí a bhaineann le trádáil um airgeadraí eachtracha

---

### Príomhtheachtaireachtaí

- Déan do chuid obair bhaile: seiceáil an bhfuil an ghnólacht údaraithe.
- Ná húsáid airgead nach bhfuil sé ar d'acmhainn a chailleadh; d'fhéadfá níos mó ná d'infheistíocht tosaigh a chailleadh.
- Bí ar an eolas go bhféadfadh roinnt tairiscintí táirge nó seirbhíse a bheith míthreorach.
  - Bí feasach ar na ríoscaí atá i gceist.

---

### Cén fáth go bhfuil an rabhadh seo a eisiúint ag ESMA?

1. Tá méadú tugtha faoi deara againn, i roinnt tíortha san Aontas Eorpach, ar ghnólachtaí neamhúdaraíthe a thairgeann idirbhearta, nó ardáin le haghaidh trádála, i ndíorthaigh airgeadra sa mhargadh airgeadraí eachtracha (cosúil le 'conarthaí difríochta' [CFDanna], 'réamhchonarthaí FX', agus 'conarthaí spota rollach'). Dá bhrí sin, táimid ag tabhairt rabhaidh d'infheisteoirí maidir le déileáil le gnólachtaí neamhúdaraíthe a thairgeann infheistíocht malairte eachtraí.
2. Táimid ag cur infheisteoirí miondíola ar an airdeall freisin faoi na príomhríoscaí a bhaineann le trádáil um airgeadraí eachtracha.

### Céard í infheistíocht malairte eachtraí (airgeadraí eachtracha), nó trádáil um airgeadraí eachtracha?

3. Is margadh airgeadais dhomhanda é an margadh malairte eachtraí (ar a dtugtar an 'margadh airgeadraí eachtracha', an 'margadh 'FX' nó an 'margadh airgeadra' freisin) a dhéanann trádáil in airgeadraí uile an domhain. Is líonra idirnáisiúnta é gan aon suíomh seasta, fisiciúil (.i. tá sé 'díláráithe'). Is margadh thar an gcuntar (OTC) é ina ndéanann bróicéirí agus déileálaithe ('idirghabhálaithe') idirbheartaíocht díreach lena chéile.

4. Ceannaíonn, díolann, agus trádálann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadraí eachtracha (mar shampla, bainc, gnólachtaí infheistíochta, cistí fálaíthe, bróicéirí miondíola um airgeadraí eachtracha, agus tusa - an t-infheisteoir miondíola) in airgeadraí. Le suim bheag airgid, agus rochtain ar ríomhaire agus ar an idirlíon, is féidir dul isteach sa mhargadh go héasca ag baint úsáide as na hardáin trádála leictreonacha éagsúla ar líne atá ar fáil ag bróicéirí airgeadraí eachtracha.
5. Maidir le haon infheistíocht i dtáirgí casta nó luaineacha, ní don infheisteoir neamhaireach nó atá drogallach roimh rioscaí í infheistíocht sa mhargadh malairte eachtraí. Más infheisteoir miondíola tú atá ag déanamh machnaimh ar a bheith rannpháirteach sa mhargadh seo, ba chóir duit tuiscint iomlán a bheith agat ar an margadh, agus a bheith feasach ar na príomhrioscaí a bhaineann le trádáil malairte eachtraí, ionas gur féidir leat cinneadh eolach a dhéanamh roimh infheistiú.
6. Má bhíonn aon amhras ort, faigh comhairle ó chomhairleoir airgeadais gairmiúil atá neamhspleách ón mbróicéir airgeadraí eachtraí, agus a bhfuil muinín agat ann/inti.

### **Cén fáth ar cheart d'infheisteoirí bearta le gnólachtaí neamhúdaraithe agus neamhrialáilte a sheachaint?**

7. Tairgeann a lán gnólachtaí, nó bróicéirí airgeadraí eachtracha, seirbhísí agus tairgí malairte eachtraí dlísteanaacha. Ach níl roinnt gnólachtaí rialáilte, agus níl siad údaraithe chun na seirbhísí ná táirgí sin (lena n-áirítear ardáin trádála) a tháirgeadh.
8. Agus bróicéir airgeadraí eachtracha ar líne á lorg agat, nó nuair a dhéanann gnólachtaí nó daoine aonair a thairgeann na táirgí nó seirbhísí sin teagmháil leat, d'fhéadfá teacht ar roinnt acu nach sonraíonn cibé acu an bhfuil siad rialáilte, nó a éilíonn go bréagach go bhfuil siad cláraithe, údaraithe nó rialáilte. Éilíonn roinnt acu go bréagach fiú go bhfuil siad cláraithe, údaraithe agus rialáilte ag ESMA – ach ní dhéanaimid údarú ná rialáil ar bhróicéirí, ná ar aon chineál gnólachta infheistíochta eile. Is iad na húdaráis rialála i dtíortha an Aontais Eorpaigh a dhéanann é sin.
9. Bí feasach ar aon ghníomhaíocht neamhúdaraithe: sula ndéantar gealltanais, seiceáil leis an údarás rialála i do thír cibé an bhfuil an bróicéir liostaithe nó cláraithe agus údaraithe chun na táirgí nó seirbhísí sin a sholáthar.
10. Coinníonn a lán údarás rialála liosta de ghnólachtaí (agus/nó láithreáin ghréasáin) a thairgeann infheistíochtaí airgeadraí eachtracha agus nach bhfuil údaraithe chun a leithéid a dhéanamh.
11. Mura bhfuil gnólacht údaraithe (nó rialáilte), ní gá di cloí le rialacha um chosaint infheisteora cosúil le sócmhainní an chliant a chosaint, faisnéis shoiléir, rioscaí a nochtadh, oiriúnacht agus láimhseáil gearán. Ní bheidh rochtain agat ar nósanna imeachta maidir le gearáin (ombudsmen airgeadais) ná ar scéimeanna cúitimh mura n-éiríonn le rudaí.

### **Céard iad na príomhrioscaí a bhaineann le trádáil miondíola um airgeadraí eachtracha?**

#### *Castacht*

12. Ní bhíonn gach idirbheart um airgeadraí eachtracha simplí. Mura dtuigeann tú an chastacht a bhaineann le hidirbhearta áirithe in idirbhearta maidir le díorthaigh airgeadra, ba chóir duit a bheith aireach.
13. Sula ndéantar cinneadh dul i mbun trádála, ba chóir machnamh cúramach a dhéanamh ar do chuspóirí infheistíochta, leibhéal taithí, agus fonn riosca.

### *Luaineacht*

14. Luainíonn rátaí malairte ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear cora polaitiúla, rátaí úis, beartas airgeadaíochta agus boilsciú. Bíonn luaineachtaí guagach, agus d'fhéadfadh an margadh gluaiseacht go tobann in aghaidh do chuid leasa. Cuirfidh sé sin isteach ar phraghas do chonartha airgeadraí eachtracha agus ar ghnóthachain agus cailteanais féideartha ghaolmhara.

### *Giaráil*

15. Chun tosú ag trádáil, cuirtear suim airgid (ar a dtugtar 'corrlach', nó 'cuntas' freisin, nó 'éarlais slándála') i dtaisce le do bhróicéir airgeadraí eachtracha. Féadfaidh suim bheag airgid fiú cur ar do chumas líon mór airgeadra a thrádáil. Is de bharr go bhfuil roinnt táirgí trádála um airgeadraí eachtracha 'giarálte' go hard é sin.
16. A bheag is atá an éarlais i ndáil le luach bunúsach an chonartha, is ea is mó an ghíaráil. Agus a mhéid atá i gceist leis an ngíaráil, is ea is dóchúla go gcaillfidh tú d'infheistíocht iomlán má ghluaiseann rátaí malairte i dtreo áirithe nach raibh súil agat leis.
17. Agus tú ag dul i mbun infheistíochta giarálte, ba chóir seiceáil leis an mbróicéir airgeadraí eachtracha céard a tharlaíonn nuair a ghineann d'infheistíocht cailteanas. Tá sé ríthábhachtach a thuiscint gur cé go bhféadann giaráil torthaí do chuid infheistíochta a mhéadú, féadfaidh sí do chailteanais a fhormhéadú freisin. Tá baol ann go gcaillfeá cuid de d'éarlais tosaigh, an méid iomlán nó níos mó ná d'éarlais fiú.
18. Má ghintear cailteanas, d'fhéadfadh an bróicéir airgeadraí eachtracha a bheith i dteideal an infheistíochta a leachtú, rud a bheidh mar chúis le do chorrach giarála a chailleadh. Méadaíonn sé sin costas na hinfeistíochta don infheisteoir go suntasach.
19. Mar shampla, má infheistítear EUR 100 le giaráil de 200, dlífear EUR 2 000 má chailleadh luach na hionstraime 10% dá luach (10% de 100 iolraithe faoi 200). Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh dualgas ort táillí idirbhirt agus/nó muirir mhaoinithe a íoc.
20. I roinnt tíortha san Aontas Eorpach tá fianaise ann go mbíonn cailteanais shuntasacha ag roinnt infheisteoirí miondíola sa mhargadh seo. Níor chóir airgead a infheistiú nach bhfuil sé ar d'acmhainn a chailleadh.

### *Feachtais margaíochta*

21. Mar aon le táirge airgeadais ar bith eile, tá sé tábhachtach go léifeá an t-ábhar margaíochta agus an Conradh nó na doiciméid dlíthiúla go cúramach. Bí aireach – is féidir le roinnt fógraí a bheith míthreorach agus molfaidh siad duit infheistíocht a dhéanamh gan na rioscaí ná táillí a léiriú go soiléir. D'fhéadfadh tairiscintí oiliúna nó trádála le 'punanna fíorúla' tú a spreagadh chun infheistíochta freisin. Agus baineann roinnt bróicéirí airgeadraí eachtracha úsáid as tairiscintí fógraíochta cosúil le '10% ais-airgid suas go EUR 500 nuair a osclaíonn tú cuntas i mí na Samhna: Déan Iarratas Anois'. Bí aireach faoi airgead atá saor in aisce.
22. Ná déan dearmad go mbaineann leibhéal áirithe riosca le gach idirbheart airgeadais. Níl aon ní 'ráthaithe' agus d'fhéadfá do chuid airgid go léir a chailleadh. Mura bhfuil tuiscint iomlán agat ar an gcaoi a n-oibríonn trádáil um airgeadraí eachtracha, ná déan infheistíocht inti.



### *Trádáil idirlín*

23. Agus ardáin leictreonacha ar líne á n-úsáid agat le haghaidh trádála um airgeadraí eachtracha, ba chóir a bheith cúramach faoi bhogearraí a úsáid a ghineann idirbhearta malairte eachtraí go huathoibríoch. D'fhéadfá smacht a chailleadh ar aon idirbhearta a dhéantar.
24. Ba chóir a bheith aireach freisin nuair a iarrtar ort sonraí do chárta creidmheasa a sholáthar chun tús a chur le trádáil um airgeadraí eachtracha. D'fhéadfaí do chuntas a chur do dhochar go díreach gan do thoiliú, agus d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair do chuid airgid a fháil ar ais.

### **Tuilleadh faisnéise**

25. Má bhíonn aon cheisteanna agat nó má bhíonn amhras ar bith ort, ba cheart dul i dteagmháil leis an údarás rialála i do thír. Tá liosta de na húdaráis rialála náisiúnta go léir, agus a gcuid láithreán gréasáin, ar fáil ar ár láithreán gréasáin.